# Nuachtlitir Oideachas Reiligiúnach na Sraithe Sóisearaí - Aibreán 2021

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
JuniorCYCLE for teachers

@jct_RE www.jct.ie info@jct.ie

## Fáilte

A Chomhghleacaithe OR, a chairde,
Fáilte romhaibh chuig eagrán mhí Aibreáin de nuachtlitir an Oideachais Reiligiúin. San eagrán seo, leagaimid béim ar dhá nuashonrú thábhachtacha MRB. Pléifimid iad seo ag Imeacht Foghlama ar Líne an Earraigh againn ar an 21 Aibreán ag 7 i.n., tuilleadh sonraí agus nasc clárúcháin thíos. Dírímid ar an bpríomhscil a bhaineann le Mé Féin a Bhainistiú an mhí seo, an ceann deireanach de na hocht bpríomhscil le breathnú orthu.

### Dátaí don dialann – Aibreán 2021

*Imeachtaí agus ceiliúradh atá le teacht ón bhféilire idirchreidimh*

***2ú*** ***Aoine an Chéasta -*** *Críostaí*

***4ú*** ***Deireadh le Cáisc na nGiúdach -*** *Giúdach*

***4ú*** ***Domhnach na Cásca -*** *Críostaí*

***13ú*** ***Tosaíonn Ramadan -*** *Moslamach*

**Tarlaíonn Imeacht Foghlama OR SSM an Earraigh ar Líne ar an 21 Aibreán ag 7 i.n. dar teideal 'REport, REsearch, REflect- cad é is féidir linn a fhoghlaim ó phróiseas an MRB? Is imeacht idirghníomhach beo é seo ina roinnfimid agus ina bpléifimid samplaí de shaothar scoláirí. Ní thaifeadfar an ócáid. Nasc clárúcháin anseo nó ar fáil trí shuíomh gréasáin SSM.**

## Nuashonrú MRB don OR

Tá dhá nuashonrú mhóra ann an mhí seo:

1. D'fhoilsigh an CNCM socruithe athbhreithnithe do MRBnna do scoláirí reatha as dara bliain. Is féidir sonraí a fháil anseo:

https://ncca.ie/en/resources/revised-arrangements-for-the-completion-of-classroom-based-assessments-cbas-for-students-in-second-year-in-20202021-1/

2. D'fhoilsigh an CNCM roinnt samplaí de MRB 1 don OR ar www.curriculumonline.ie. Tá an nasc díreach chuig samplaí MRB 1 an OR anseo:

https://www.curriculumonline.ie/Junior-cycle/Junior-Cycle-Subjects/Religious-Education/Examples-of-Student-Work/Examples-of-Classroom-Based-Assessment/

## Príomhscil i bhFócas: Mé Féin a Bhain-

Cabhraíonn an phríomhscil seo le scoláirí feasacht a fhorbairt ar conas is féidir le scileanna féinbhainistíochta cabhrú leo forbairt i ngach gné dá saol. Déantar iniúchadh sa Chreat don tSraith Shóisearach ar an gcuma atá ar Mé Féin a Bhainistiú do scoláirí a chabhraíonn leo na scileanna riachtanacha a fhorbairt, cé acu a bhíonn siad ag leagan síos spriocanna indéanta, ag déanamh cinntí tomhaiste srl.




- Aithne orm féin
- Cinntí ciallmhara a dhéanamh
- Spriocanna pearsanta a shocrú agus a bhaint amach
- A bheith in ann athmhachnamh a dhéanamh ar mo chuid foghlama féin
- Teicneolaíocht dhigiteach a úsáid chun mé féin agus mo chuid foghlama a bhainitstiú

## Leideanna Teicneolaíochta

### Quizlet

Cruthaíonn Quizlet uirlisí simplí foghlama a thugann deis do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi seach staidéar a dhéanamh ar go leor réimsí ábhair éagsúla. In OR, Is féidir le scoláirí foghlaim le spléach-chártaí, cluichí agus uirlisí foghlama - go léir saor in aisce. Mar fhoireann d'úsáid muid an feidhmchlár seo ag na laethanta FGL s'againn roimhe seo agus tá go leor múinteoirí á úsáid anois mar uirlis fiosrúcháin agus taiscéalaíochta. Spreagann sé freisin na príomhscileanna go háirithe na scileanna a bhaineann le Mé Féin a Bhainistiú mar is féidir le scoláirí an dul chun cinn atá déanta acu féin a rianú.

Cliceáil thíos le do thoil don nasc ábhartha:
www.quizlet.com

### Quizlet Beo

Is cluiche tarraingteach é Quizlet Live agus i mód foirne is féidir leat é a úsáid chun staidéar a dhéanamh nó chun cabhrú le scoláirí foghlaim. Oibríonn imreoirí i bhfoirne chun na téarmaí agus na sainmhínithe ó thacair staidéir a mheaitseáil i gceart. Is féidir Quizlet Beo a imirt freisin i mód daoine aonair, ina n-imríonn gach duine aonair i gcoinne daoine eile.

Cliceáil anseo le haghaidh naisc chuig Quizlet beo.

## Straitéis a mholtar don fhoghlaim sa seomra ranga ina mbíonn scaradh sóisialta

### Straitéis Oideolaíochta SSM: Stad agus Breac

Tugann an straitéis seo deis do scoláirí freagra a thabhairt ar cheisteanna i scríbhinn. Nuair a thugtar ar scoláirí smaoineamh agus scríobh faoi na rudaí atá á bhfoghlaim acu, cabhraíonn sé lena gcur de ghlanmheabhair agus bíonn tuiscint i gceist leis. Cabhraíonn na seiceálacha tuisceana seo leis na scoláirí ciall a bhaint as a bhfuil á fhoghlaim acu sula mbogann siad ar aghaidh sa cheacht.



## OR sa Nuacht

### Scrollaí Nua na Mara Mairbhe Nochta Le linn Tochailte



D'aimsigh seandálaithe in Iosrael blúirí nua de Scrolla na Mara Mairbhe. Agus roinnt dosaenacha acu ann, is dócha gur cuireadh na píosaí páir i bhfolach i bpluais fásaigh idir 132 agus 136 RC, le linn réabhlóid theipthe Bar Kokhba na nGiúdach i gcoinne na Rómhánach. Is iad na píosaí páir an chéad cheann dá leithéid a aimsíodh le linn tochailtí seandálaíochta le 60 bliain.

Is féidir an nuacht thuas a nascadh le torthaí foghlama ón tSonraíocht OR:

2.1 taighde a dhéanamh ar fhianaise ealaíonta, ailtireachta nó sheandálaíochta a léiríonn bealaí ina ndearna daoine iarracht brí agus cuspóir a thabhairt dá saol

2.5 beathaisnéis a chruthú faoi bhunaitheoir nó luathleantóirí de chuid mór-reiligiúin


dhomhanda, ag baint úsáid as foinsí eolais reiligiúnacha agus stairiúla

Cliceáil ar na naisc thíos:
https://www.theguardian.com/world/2021/mar/16/israeli-archeologists-find-new-dead-sea-scroll-fragments

https://www.nytimes.com/2021/03/16/world/middleeast/dead-sea-scrolls-israel.html

## Athfhriotal na míosa

*"Uaireanta múchtar an solas s'againn, ach séidtear arís é agus lastar ina bhladhaire é ar an toirt nuair a dhéanaimid teagmháil le duine eile daonna."*



- Albert Schweitzer

*Le dea-mhéin*

*Foireann an Oideachais Reiligiúnaigh*